# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl


## Cáisc 2020

### Scéalaíocht Eanáir 2020



Chuaigh an scoil uile chuig seisiúin scéalaíochta ar an gCeathrú Rua. Bhí siad eagraithe ag Tuismitheoirí na Gaeltachta do ghasúir bunscoile sa gceantar. Bhí na gasúir ag breathnú ar dhráma beag bunaithe ar scéal. Tháinig siad abhaile le mála 'goodies' ina dhiadh sin. Bhí siad breá sásta!

### Seó SCC 6/2/20




Chuaigh na hArdranganna chuig Scoil Chuimsitheach Chiaráin le seó 'We Will Rock You' a fheiceáil. Bhí an-lá acu!

### Youth Choir

Fuair Chaela cuireadh ó an Youth Choir mar gheall ar an tallan atá aici ar an gcláirseach. Fair plé di!!!

### Maidin Chaifé 14/2/20



Bhí Maidin Chaifé ag na hArdranganna i gcomhair turas chuig an RDS. Faraor de bharr an Coronavirus níor tharla sé seo. Bhailigh siad os cionn 300Euro. ar an lá agus beidh a t-airgead anois ag dul i dtreo ócáid speisialta oideachasúil eile.

## Coirm Gael Linn 26/3/20



Ghlac an scoil uile páirt sa gcomórtas drámaíochta Coirm i mbliana i Halla na Cathrach i nGaillimh. Bhí meascán againn idir damhsa, ceol, amhráin agus dráma. Fuair muid dhá ghradam: Ceol binn lán de spiorad agus Amhránaíocht álainn ón bhfoireann ar fad.

## Scríobh Leabhar 2018

Bhuaigh Ríona, Lauren, Cian agus Aoibhinn an comórtas Scríobh Leabhar i mbliana. Tá muid an-bhrodúil astu!

## Lá Domhanda Leabhair 5/3/20



Ghlac muid páirt i Lá Domhanda Leabhair i mbliana. Scríobh na ranganna scéal le chéile agus léigh siad amach ag an tionól iad. Ghléas na gasúir suas mar charachtar ó leabhair agus bhí seó faisin againn. Rinne na gasúir an-iarracht. Maith sibh!

## Léitheoireacht Beirte



Déanann muid léitheoireacht beirte gach seachtain. Bíonn na gasúir níos óige ag roinnt leabhair le na gasúir níos sine. D' fhoghlaim siad an oiread ó seo agus thaitin sé go mór leo!

## Dúnadh an scoileanna

Dúnadh na scoileanna ar an 12ú Marta de bharr an coróinvíreas. Tá muid ar fad ag iarraidh theacht i dtaithí ar bhealaí nua chun na gasúir a mhúineadh-tá brú oraibh ar fad faoi láthair-cibé rud atá sibh ag deánamh mar chlann san am chrua seo tá sé ceart. Níl uainn ach chuile dhuine a bheith slán agus sábháilte.Tá súil againn nach mbeidh sé i bhfad nó go mbeidh muid ar fad ar ais i measc a chéile arís le cúnamh Dé.

**Nár thaga aon bhrón tríd na ngeata seo**

**Nár thaga aon trioblóid go dtí an áit chónaithe seo**

**Nár thaga aon fhaitíos tríd an doras seo**

***Ná raibh aon choimhlint san áit seo***

***Ná raibh sa teach seo***

***Ach áit le haghaidh beannacht agus síochán***

Cáisc Shona daoibh ar fad!

Foireann na scoile